



Circular Letter 0029/2019

**To the Principals and Boards of Management of Second-Level Schools and Special
Schools, and to the CEs of Education and Training Boards**

**Prescribed Material for the Junior Certificate/Junior Cycle Examination in 2021 and
Leaving Certificate Examination in 2021**

The Department of Education and Skills

- (a) wishes to inform the management authorities of second-level schools that the prescribed material for the Junior Certificate/Junior Cycle and Leaving Certificate Examinations in 2021 is on the attached list

- (b) requests school authorities to give adequate notice of these texts to students before the start of the relevant school year.

Imlitir 0029/2019

**Chuig: Príomhoidí agus Boird Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal agus na
Scoileanna Speisialta, agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus
Oiliúna**

**Ábhar atá Leagtha Síos do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh/na Sraithe Sóisearaí
agus Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2021**

Is mian leis an Roinn Oideachais agus Scileanna

- (a) a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta scoileanna dara leibhéal gur ar an liosta iniata atá an t-ábhar atá leagtha síos do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh/na Sraithe Sóisearaí agus do Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2021

- (b) a iarraidh ar údaráis bhainistíochta dóthain réamhfhógra faoi na téacsanna seo a thabhairt do scoláirí roimh thús na scoilbhliana atá i gceist.

Eamonn Moran
Principal Officer
04 April 2019



THE JUNIOR CERTIFICATE/CYCLE, 2021

In the case of the subjects; Classical Studies, Ancient Greek, Jewish Studies, Materials Technology (Wood), Metalwork (Materials Technology), Religious Education, Technical Graphics and Latin, the examination in 2021 will be based on the Junior Certificate syllabuses in those subjects which have been issued to second-level school authorities. In the case of Latin, attention is also drawn to the prescribed material below.

In the case of Irish (either L1 or L2), English, Mathematics, Science, Business Studies, Visual Art, (formerly known as Art, Craft and Design), French, German, Italian and Spanish, History, Geography, Music, Home Economics, the examination in 2021 will be based on the new Junior Cycle specifications respectively. The prescribed material for Junior Cycle Irish L1 (Irish-medium schools) is detailed in Circular 0035/2018 and further clarification is provided in Circular 0068/2018. The prescribed material for Junior Cycle Irish L2 (English-medium schools) is detailed in Circular 0036/2018 and further clarification is provided in Circular 0069/2018). The prescribed material for Junior Cycle English is detailed in Circular 0037/2018.

AN TEASTAS SÓISEARACH/ÍSRAITH SHÓISEARACH, 2021

I gcás na n-ábhar; Léann Clasaiceach, Gréigis Ársa, Léann Giúdach, Teicneolaíocht - Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), Miotalóireacht (Teicneolaíocht Ábhar), Oideachas Reiligiúnach, Grafaic Theicniúil, agus Laidin, bunófar an scrúdú sa bhliain 2021 ar shiollabais an Teastais Shóisearaigh sna hábhair sin atá eisithe chuig údaráis scoileanna dara leibhéal. I gcás an Laidine, díritear aird freisin ar an ábhar atá leagtha síos, anseo thíos.

I gcás na Gaeilge (T1 agus T2), an Bhéarla, Matamaitic, na hEolaíochta, Staidéar Gnó, Amharc Ealaíne (ar a dtugtaí Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh), Francis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis, Stair, Tíreolaíocht; Ceol agus Eacnamaíocht Bhaile, beidh scrúdú 2021 bunaithe ar shonraíochtaí nua na Sraithe Sóisearaí faoi seach. Tá an t-ábhar atá leagtha síos do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 (scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge) mionsonraithe in Imlitir 0035/2018 agus tá tuilleadh soiléirithe ar an ábhar in Imlitir 0068/2018. Tá an t-ábhar atá leagtha síos do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T2 (scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla) mionsonraithe in Imlitir 0036/2018 agus tá tuilleadh soiléirithe ar an ábhar in Imlitir 0069/2018. Tá an t-ábhar atá leagtha síos do Bhéarla na Sraithe Sóisearaí mionsonraithe in Imlitir 0037/2018.



N.B. Website for syllabuses: www.education.ie > Education Staff > Curriculum and Syllabus > Junior Cycle > Syllabuses and Prescribed Material > syllabuses in alphabetic order

N.B. Láithreán Gréasáin i gcomhair na Siollabas: www.education.ie > Foireann Oideachais > Curaclam agus Siollabas > an tSraith Shóisearach > Siollabais agus Ábhair Fhorordaithe > siollabais in ord aibítire



Prescribed Material for Junior Certificate Examinations 2021
Ábhar atá leagtha síos do Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh 2021

LATIN / LAIDIN

The following is the prescribed Latin poetry for the Junior Certificate Examination in 2021.

Seo a leanas an fhilíocht atá leagtha síos don Laidin le haghaidh Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2021.

Údar (Author)	Gnáthleibhéal (Ordinary Level)	Sleachta sa bhreis don Ardleibhéal. (Additional for Higher Level)
Catullus	(V) (VI)	(XXXIV), (XXXVI)
Ovid	(X), (XII), (XIII), (XXX), (XXXV)	(XXXIV), (XXXVI)
Virgil	(XXXIX), (XL), (XLII), (XLV)	(XXXVII), (XXXVIII), (XLI), (XLIII), (XLIV)
	Sleachta (Extracts) 11; Línte (Lines) 125.	Sleachta (Extracts) 7; Línte (Lines) 81.

Website: www.education.ie > www.education.ie > **Education Staff > Curriculum and Syllabus > Junior Cycle > Syllabuses and Prescribed Material**

Láithreán Gréasáin : www.education.ie > **Foireann Oideachais > Curaclam agus Siollabas > an tSraith Shóisearach > Siollabais agus Ábhair Fhorordaithe**



Prescribed Material for Leaving Certificate Examinations 2021

Ábhar atá leagtha síos do Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2021

ANCIENT GREEK

Leaving Certificate (Ordinary Level) in 2021: Refer to Syllabus.

Leaving Certificate (Higher Level) in 2021:

The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: **The Intellectual Revolution** (published by Cambridge University Press, 2nd edition 2015): **Part III Plato**, Pages 131 – 151 inclusive. (Selections in Greek and in translation, from Plato's *Apology* and *Phaedo*)

or

The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: **A World of Heroes** (published by Cambridge University Press, 2nd edition 2015): **Part I Homer**, Pages 6 – 53 inclusive. (Selections in Greek and in translation, from Homers' *Iliad*, Book XXII.)

GRÉIGIS ÁRSA

Scrúdú na hArdteistiméireachta (**Gnáthleibhéal**) sa bhliain 2021: Feic Siollabas.

Scrúdú na hArdteistiméireachta (**Ardleibhéal**) sa bhliain 2021:

Cúrsa Gréigise Chomhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha: **An Réabhlóid Intleachta**, (Arna fhoilsiú ag Preas Ollscoil Cambridge, 2ú eagrán 2015) – **Cuid III Plato**, Leathanaigh 131 - 151, ar fad san áireamh. (Sleachta i nGréigis agus i modh aistriúcháin, as Plato's *Apology* agus *Phaedo*)

nó

Cúrsa Gréigise Chomhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha: **Saol na Laochra**, (Arna fhoilsiú ag Preas Ollscoil Cambridge, 2ú eagrán 2015) – **Cuid I Homer**, Leathanaigh 6 – 53 ar fad san áireamh. (Sleachta i nGréigis agus i modh aistriúcháin, as Homers' *Iliad*, Book XXII.)



BUSINESS

In the 2021 Leaving Certificate Examination in Business at Higher level, the Applied Business Question (ABQ), will be based on Units 3, 4 and 5 of the syllabus.

GNÓ

I Scrúdú Ardteistiméireachta na bliana 2021 sa Ghnó ag an Ardleibhéal, bunófar an Cheist faoi Ghnó Feidhmeach (ABQ), ar Aonaid 3, 4 agus 5 an tsiollabais.

CLASSICAL STUDIES

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2021: As for 2016.

LÉANN CLASAICEACH

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) sa bhliain 2021: Mar a bhí in 2016.

ENGINEERING

The special topic prescribed for the Leaving Certificate Examination in 2021 is:

“Basic principles of operation and applications of hybrid technology in modern urban transportation”.

INNEALTÓIREACTH

Is í an topaic faoi leith atá leagtha síos do Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2021 ná:

“Bun-Phrionsabail Oibriúcháin agus Feidhmiúchán na teicneolaíochta hibridí i gcórais iompair nua-aimseartha uirbeacha.”



GAEILGE

Maidir le hábhar atá leagtha síos do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2021, (gnáthleibhéal agus ardleibhéal) díritear aird ar a bhfuil foilsithe ina thaobh seo agus atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna (www.education.ie) mar atá:

- Siollabais Nuashonraithe na hArdteistiméireachta (gnáthleibhéal agus ardleibhéal) le héifeacht ó 2010.

GAEILGE na hARDTEISTIMÉIREACHTA PRÓS AGUS FILÍOCHT DO NA BLIANTA 2019-2021

GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

Leanfaidh an cúrsa próis agus filíochta ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal do na blianta 2019-2021 gan athrú ón gcúrsa mar a mhol an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta do na blianta 2010-2012, 2011-2013, 2012-2014, 2013-2015, 2014-2016, 2015-2017, 2017-2019, 2018-2020.

1. PRÓS: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

1(a) Prós Comónta Ainmnithe **NÓ** 1(b) Prós: Ábhar Roghnach

1(a) Prós Comónta Ainmnithe:

Seo a leanas na téacsanna ainmnithe próis atá molta don **Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal**.

(i) ***Oisín i dTír na n-Óg***: Scéal béaloidis
as *Seanchas na Féinne* – Niall Ó Dónaill (eagarthóir)
(An dara heagrán, An Gúm, 1996) [Lgh.69 – 73].

(ii) ***An Gnáthrud***: Déirdre Ní Ghrianna
as *An Gnáthrud* – Déirdre Ní Ghrianna (Coiscéim, 1999) [Lgh.61 – 65].

nó



Seal i Neipeal: Cathal Ó Searcaigh
as *Seal i Neipeal* – Cathal Ó Searcaigh (Cló Iar-Chonnachta, 2004) [Lgh.78 – 83].

[Dírítear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (ii) thuas idir:

An Gnáthrud agus Seal i Neipeal.]

(iii) **Dís:** Siobhán Ní Shúilleabháin
as *Í Siúd* – Siobhán Ní Shúilleabháin (Cló Iar-Chonnachta, 1999) [Lgh. 58-63].

(iv) **Hurlamaboc:** Éilís Ní Dhuibhne
as *Hurlamaboc* – Éilís Ní Dhuibhne (Cois Life, 2007) [Caibidil 1, Lgh. 5 -9

(v) **Cáca Milis:** (Gearrscannán)
as *Gearrscannáin-DVD* (Bord Scannán na hÉireann & TG4, 2004).

nó

An Lasair Choille: (Gearrdhráma) Caitlín Maude agus Mícheál Ó hAirtnéide
as *Caitlín Maude, Dánta, Drámaíocht, agus Prós* – Ciarán Ó Coigligh (Coiscéim,
2005) [Lgh. 125-139].

**[Dírítear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (v) thuas .i. dráma nó
scannán.]**

NÓ

1(b) Prós: Ábhar Roghnach - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Is den riachtanas é go gcloífí leis na teoracha seo a leanas maidir le hábhar agus le téacsanna cuí a roghnú. Agus téacsanna oiriúnacha próis á roghnú ba chóir na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

(i) **Cineálacha:**

Cúig ghiota próis agus ceann amháin díobh ag freagairt do gach ceann ar leith de na cineálacha (i) go (v) thíos:



- (i) **Sliocht béaloidis**
- (ii) **Giota as saothar dírbheathaisnéise/dialann taistil**
- (iii) **Gearrscéal [go huile]**
- (iv) **Giota as úrscéal**
- (v) **Dráma [nó giota as]**

nó

Scannán Gaeilge

- (ii) Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear.
Glactar leis an ábhar próis ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú, maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.
- (iii) **Téamaí**
Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú sna giotaí:
 - an t-ábhar féin a bheith spéisiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na scoláirí
 - baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
 - meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
 - cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban
- (iv) **Ábhar nach bhfuil inghlactha**
 - Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith giota ar bith próis atá ainmnithe faoi réir Alt 1 (a) thuas 'Prós Comónta Ainmnithe', a úsáid mar ghiota roghnach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa roghnach.
 - Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n.
 - Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.
 - Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith foilsithe.
 - Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ar fáil go poiblí agus go héasca don té a bheadh ag iarraidh teacht air.



2. FILIOCHT: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

2(a) Filíocht Chomónta Ainmnithe NÓ 2(b) Filíocht: Ábhar Roghnach

2(a) Filíocht Chomónta Ainmnithe:

Seo a leanas na téacsanna ainmnithe filíochta atá molta don **Ghnáthleibhéal agus** don **Ardleibhéal**.

- (i) **An Spailpín Fánach:** (véarsaí 1, 2, 3)
Duanaire na Meánteistiméireachta – Caoimhghin Ó Góilidhe a chuir in eagar. (Eagrán Oifigiúil, Folens, 1975)
- (ii) **Géibheann:** Caitlín Maude
Caitlín Maude, Dánta, Drámaíocht, agus Prós – Ciarán Ó Coigligh (Coiscéim, 2005)
- (iii) **An tEarrach Thiar:** Máirtín Ó Direáin
Rogha Dánta – Máirtín Ó Direáin (Sáirséal agus Dill, 1949)
- (iv) **Mo Ghrá-sa (idir lúibíní):** Nuala Ní Dhomhnaill
Féar Suaithinseach – Nuala Ní Dhomhnaill (An Sagart, 1984)
- (v) **Colscaradh:** Pádraig Mac Suibhne
Solas Uaigneach – Pádraig Mac Suibhne (An Sagart, 1992)

NÓ

2(b) Filíocht: Ábhar Roghnach - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Agus téacsanna oiriúnacha filíochta á roghnú ba chóir na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

(i) Cineálacha

Déantar staidéar ar **chúig** dhán ar fad. Agus na cúig dhán á roghnú ní mór gur sa tréimhse **roimh** 1850 a cumadh **dán amháin** díobh sin.



(ii) Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear. Glactar leis an ábhar filíochta ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú, maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.

(iii) **Téamaí**

Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú ins na dánta:

- an t-ábhar féin a bheith spéisiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na scoláirí
- baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
- meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
- cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban
- ceol agus liriciúlacht a chur san áireamh

(iv) **Ábhar nach bhfuil inghlactha**

- Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith dán ar bith atá ainmnithe faoi réir Alt 1 (b) thuas 'Filíocht Chomónta Ainmnithe', a úsáid mar dhán roghnach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa roghnach.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith foilsithe.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ar fáil go poiblí agus go héasca don té a bheadh ag iarraidh teacht air.

3. LITRÍOCHT BHREISE: ARDLAIBHÉAL

Ceann **amháin** de na rannóga **3A (Prós Breise) NÓ 3B (Dánta Breise)** thíos.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh scoláirí an leibhéal seo saothrú ar phrós breise nó ar dhánta breise nó ar an dá rannóg díobh sin más é sin is rogha leo. Rannóg **amháin** díobh sin a bheidh le freagairt sa scrúdú. Seo a leanas an cúrsa de phrós breise



agus de dhánta breise atá molta ag an gCoiste Cúrsa don Ardleibhéal.

3A: Prós Breise: Ceann **amháin** de na saothair ainmnithe **(i) – (v)** thíos.

- (i) *An Triail:*** Mairéad Ní Ghráda
An Triail – Mairéad Ní Ghráda (An Gúm, 1978) [go huile].
- (ii) *A Thig Ná Tit Orm:*** Maidhc Dainín Ó Sé
A Thig Ná Tit Orm – Maidhc Dainín Ó Sé (Coiscéim, 1987);
(C.J Fallon, Meán Fómhair, 2003) [Caibidilí 1 – 8, Lgh. 7 – 62].
- (iii) *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne:***
Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne – Nessa Ní Shé a chuir in eagar
(Longman Brún agus Ó Nualláin, 1971) [Lgh. 1 – 72].
- (iv) *Gafa:*** Ré Ó Laighléis
Gafa – Ré Ó Laighléis (Móinín, 1996) [Lgh 7 – 64].
- (v) *Canary Wharf:*** Orna Ní Choileáin
Canary Wharf – Orna Ní Choileáin (Cois Life, 2009)(cúig ghearrscéal ainmnithe
as na deich ngearrscéal atá sa chnuasach)
 - *Saineolaí Teicneolaí* (Lgh. 17 – 32)
 - *Canary Wharf* (Lgh. 35 – 48)
 - *Cosaint Sonraí* (Lgh. 69 – 86)
 - *Cúrsaí Eitilte* (Lgh. 129 – 146)
 - *Mil* (Lgh. 149 – 167)

NÓ

3B: Dánta Breise: Na **cúig** dhán ainmnithe seo a leanas **ar fad (i) – (v)** thíos.

- (i) *Caoineadh Airt Uí Laoghaire:*** Eibhlín Dhubh Ní Chonaill

Leagan 1

Díolaim Filíochta don Ardteistiméireacht. Caoimhghin Ó Góilidhe



(Folens & a Chuid, Tta). (1974) [Línte 1 – 68; 177-188].

Éigse – Duanaire Nua na hArdteistiméireachta: Breandán Ó Conaire
(Mac Goill & Macmillan Teo) (1974) [Línte 1 – 68; 177-188].

Fios Feasa: Alan Harrison/Ursula Ní Dhálaigh
(Comhlacht Oideachais na hÉireann) (1974) [Línte 1 – 68; 177-188].

Leagan 2

Caoineadh Airt Uí Laoghaire: Nuachóiriú le Seán Ó Tuama
(An chéad chló, 1961).

Leabhair Thairde, an Ceathrú hImleabhar: Seán Ó Tuama
(An Clóchomhar Tta, athchló 2002) [Línte 1-68; 177-188].

Comhairlítear do mhúinteoirí agus do scoláirí staidéar a dhéanamh ar cheann amháin den dá leagan thuas

- (ii) **Fill Arís**: Seán Ó Riordáin
Brosna – Seán Ó Riordáin (Sáirséal agus Dill, 1964).
- (iii) **A Chlann**: Máire Áine Nic Gearailt
Mo Chúis Bheith Beo – Máire Áine Nic Gearailt (Coiscéim, 1991).
- (iv) **Colmáin**: Cathal Ó Searcaigh
Gúrú i gClúidíní – Cathal Ó Searcaigh (Cló Iar-Chonnachta, 2006).
- (v) **Éiceolaí**: Biddy Jenkinson
Baisteadh Gintlí – Biddy Jenkinson (Coiscéim, 1986).

Stair Litríocht na Gaeilge - Ardleibhéal:

Tá sé molta ag an gComhairle nach mbeadh saincheist ar leith ann feasta ar 'Stair na Gaeilge' ag an Ardleibhéal mar a bhíodh. Moltar áfach, agus staidéar á dhéanamh ar an gcúrsa litríochta, aird a thabhairt i gcónaí ar na saothair agus ar na húdair a shuíomh i gcomhthéacs stair litríocht na Gaeilge. Ó thaobh na measúnachta de, ag an ardleibhéal, is



féidir go gcuirfear focheist ghairid ar na gnéithe sin. Eolas faoin údar agus faoi chúlra agus comhthéacs an tsaothair a bheidh á lorg.

Tá mioneolas ar an gcóras measúnachta mar a bhainfidh le scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, agus Bonnleibhéal) ón mbliain 2012 amach le fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit (www.examinations.ie) mar atá:

- S.90/10 (Nollaig 2010): An Scrúdú Gaeilge san Ardteistiméireacht ó 2012 ar aghaidh (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal) **agus**
- S.82/18 An Bhéaltriall chomónta Ghaeilge san Ardteistiméireacht ó 2020 ar aghaidh (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal).

HEBREW STUDIES

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2021: As in previous years will be based on the prescribed texts given in Sections A, B, C and D of the Leaving Certificate Hebrew Studies syllabus.

LÉANN EABHRACH

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) sa bhliain 2021: Mar a chéile le blianta cheana beidh na scrúduithe bunaithe ar na téacsanna mar atá leagtha síos in Ailt A, B, C agus D shiollabas Léann Eabhrach na hArdteistiméireachta.



ITALIAN

Leaving Certificate (Higher Level) in 2021:

Leonardo Sciascia, *A ciascuno il suo*

or

Alessandro D'Avenia, *Bianca come il latte, rossa come il sangue*

IODÁILIS

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal) sa bhliain 2021:

Leonardo Sciascia, *A ciascuno il suo*

nó

Alessandro D'Avenia, *Bianca come il latte, rossa come il sangue*

LATIN

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2021:

Livy, Book XXX, (Chapters 9-17, 19-23 and 29-37 inclusive)

or

Virgil, *Aeneid*, Book II (Lines 1- 506)



L Aidin

Scrúdu na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) sa bhliain 2021:

Livy, Leabhar XXX, (Caibidlí 9-17, 19-23 agus 29-37 ar fad san áireamh)

nó

Virgil, *Aeneid*, Leabhar II (Línte 1 – 506)

MUSIC

In the case of Music, the prescribed works for the Leaving Certificate Examination in 2021 are as prescribed in **Group B (Appendix F)** of the syllabus.

CEOL

I gcás an Cheoil, is iad na téacsanna atá leagtha síos do Scrúdu na hArdteistiméireachta sa bhliain 2021 ná iad siúd atá leagtha síos i **nGrúpa B (Aguisín F)** an tsiollabais.

SPANISH

Leaving Certificate (Higher Level) in 2021:

Gabriel García Márquez, “*Relato de un Naufrago*”

SPÁINNIS

Scrúdu na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal) sa bhliain 2021:

Gabriel García Márquez, “*Relato de un Naufrago*”



Syllabuses available on the Website:

www.education.ie > Education Staff > Curriculum and Syllabus > Senior Cycle > Syllabuses and Prescribed Material > syllabuses listed in alphabetical order

Siollabais ar fáil ar an Láithreán Gréasáin:

www.education.ie > Foireann Oideachais > Curaclam agus Siollabas > an tSraith Shinsearach > Siollabais agus Ábhair Fhorordaithe > na siollabais liostaithe in ord aibítire